## Parlaimint na hEorpa

2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0144

## Comhaontú Aeriompair idir AE, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Íoslainn agus an Iorua, agus Comhaontú Coimhdeach idir AE, an Íoslainn agus an Iorua maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 maidir le dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt (12913/2025 – C10-0277/2025 – 2011/0102(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12913/2025),

– ag féachaint don dhréacht-chomhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus don dhréacht-Chomhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir na Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt (10261/2011),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 100(2) agus Airteagal 218(6), an dara

fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0277/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A10-0068/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtais agus parlaimintí Stáit Aontaithe Mheiriceá, na hÍoslainne, agus Ríocht na hIorua.